

An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

13811/26

JAI 1224
FREMP 302

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gciníochas agus cineálacha gaolmhara fuatha agus idirdhealaithe a chomhrac san Aontas Eorpach: Cearta Bunúsacha agus Luachanna Eorpacha a Chosaint

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gciníochas agus cineálacha gaolmhara fuatha agus idirdhealaithe a chomhrac san Aontas Eorpach: Cearta Bunúsacha agus Luachanna Eorpacha a Chosaint, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4197ú cruinniú a bhí aici an 2 Deireadh Fómhair 2026.

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gciníochas agus cineálacha
gaolmhara fuatha agus idirdhealaithe a chomhrac san Aontas Eorpach:**

Ceartha Bunúsacha agus Luachanna Eorpacha a Chosaint

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid a leanas

- a. **AG FÉACHAINT** don Chonradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe an brollach agus Airteagail 3(3) agus 6 de, agus go háirithe Airteagal 2 trína bhfuil an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na ceartha atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, ar comhluachanna iad ag na Ballstáit i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir;
- b. **AG FÉACHAINT** don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 10, 19 agus 67(3) de, a chuireann oibleagáid ar an Aontas iarracht a dhéanamh ardleibhéal slándála a áirithiú trí bhearta chun an choireacht, an ciníochas agus an tseineafóibe a chosc agus a chomhrac;
- c. **AG FÉACHAINT** do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;
- d. **AG FÉACHAINT** do Threoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar bhunús ciníoch nó eitneach (Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch);
- e. **AG FÉACHAINT** do Chinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2008 maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil;

- f. **AG FÉACHAINT** do Threoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, arna athbhreithniú le Treoir 2026/1472 (an Treoir maidir le Cearta Íospartach), an 17 Meitheamh 2026, ina luaitear go sonrach íospartaigh na coireachta fuatha;
- g. **AG FÉACHAINT** do Mholadh (AE) 2021/C 93/01 ón gComhairle an 12 Márta 2021 maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, lenar aithníodh an frithghiofógachas mar chineál sonrach ciníochais in aghaidh na Romach, arb é is bunchúis lena n-eisiamh agus lena n-idirdhealú, agus ar constaic mhór ar an gcomhionannas é; **AG MEABHRÚ DI** an tiomantas aghaidh a thabhairt ar an bhfrithghiofógachas trí bhearta a chur chun feidhme go héifeachtach arb é is aidhm dóibh idirdhealú, fuathchaint, fuathchoireacht agus eisiamh struchtúrach a chosc agus a chomhrac.
- h. **AG FÉACHAINT** do Threoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena leasaítear Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE, agus ag aithint dóibh an ról ríthábhachtach atá ag comhlachtaí comhionannais maidir leis an dlí frith-idirdhealaithe a fhorfheidhmiú agus maidir le tacú le híospartaigh an idirdhealaithe;
- i. **AG FÉACHAINT** do Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha), lena mbunaítear oibleagáidí ar sheirbhísí idirghabhálacha aghaidh a thabhairt ar ábhar neamhdhleathach;

- j. **AG FÉACHAINT** don Chód Iompair maidir le Fuathchaint Neamhdhleathach Ar Líne a Chomhrac+ agus don chomhar leanúnach idir an Coimisiún, an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha, Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus seirbhísí idirghabhálacha chun scaipeadh na fuathchainte neamhdhleathaí ar líne a chosc agus a chomhrac;
- k. **AG FÉACHAINT** do Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga), agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828, lena gcuirtear chun cinn glacadh na hintleachta saorga duinelárnaí agus iontaofa (IS), agus ardleibhéal cosanta don tsláinte, don tsábháilteacht agus do chearta bunúsacha á áirithiú ag an am céanna, lena n-áirítear an ceart chun neamh-idirdhealaithe;
- l. **AG FÉACHAINT** do na Conclúidí ón gComhairle an 16 Nollaig 2024 maidir leis an Intleacht Shaorga a úsáid i réimse an cheartais, agus ag aithint di ábharthacht na gcóras intleachta saorga maidir le riar cothrom an cheartais agus an riosca a bhaineann le claontacht algartamach i gcomhthéacsanna breithiúnacha;
- m. **AG MEABHRÚ DI** na Conclúidí ón gComhairle an 4 Márta 2022 maidir leis an gciníochas agus an frithsheimíteachas a chomhrac; **AG FÉACHAINT** don teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal ‘Ní ghlacfar leis an bhfuath: Eoraip le chéile i gcoinne an fhuatha’ an 6 Nollaig 2023;
- n. **AG MEABHRÚ DI** an Dearbhú ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2024 maidir le saol na nGiúdach a chothú agus an frithsheimíteachas a chomhrac;

- o. **AG FÉACHAINT** don teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Eoraip níos uilechuimsithí agus níos cosantaí: liosta choireanna an Aontais a leathnú chuig an bhfuathchaint agus chuig an bhfuathchoireacht’ an 9 Nollaig 2021, agus aird á tabhairt ar fhorbairtí ina dhiaidh sin sa phróiseas reachtach sa réimse sin;
- p. **AG MEABHRÚ DI** gur gá daingniú uilíoch agus cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú (ICERD) a áirithiú, chomh maith leis an ngá atá le Dearbhú agus Clár Gníomhaíochta Durban (DDPA) a chur chun feidhme, agus a sásraí leantacha a réasúnú agus a chuíchóiriú, i gcás inar gá;
- q. **AG FÉACHAINT** don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, go háirithe Airteagail 9 (saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin), 10 (saoirse chun tuairimí a nochtadh) agus 14 (toirmeasc ar idirdhealú), a bhfuil na Ballstáit uile ina bpáirtithe iontu;
- r. **ÓS DÍOL SÁSAIMH DI** gur ghlac an Coimisiún Eorpach Straitéis Frithchiníochais an Aontais 2026-2030 agus na cuir chuige straitéiseacha phrionsabálta a leagtar amach inti, lena n-áirítear an ciníochas struchtúrach a ghleic, feabhas a chur ar bhailiú sonraí comhionannais maidir le bunadh ciníoch nó eitneach agus forais eile idirdhealaithe, reachtaíocht frith-idirdhealaithe a fhorfheidhmiú, comhionannas agus comhtháthú sóisialta a neartú, dlús a chur leis an gcosaint ar an bhfuath ciníoch, lena n-áirítear ar líne, agus príomh-chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le comhlachtaí comhionannais, agus le pobail dá ndéanann an ciníochas difear a neartú agus a chothú, agus é á aithint ag an am céanna gurb iad na Ballstáit is fearr atá in ann bearta sonracha a cheapadh ar an leibhéal náisiúnta;
- s. **ÓS DÍOL SÁSAIMH DI** na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na Ballstáit an ciníochas a chomhrac, lena n-áirítear an ciníochas struchtúrach agus an ciníochas ar líne, go háirithe trí obair an tsainghrúpa maidir le Frithchiníochas lena dtugtar le chéile ionadaithe ó rialtais na mBallstát agus páirtithe leasmhara idirnáisiúnta ábhartha, agus obair an Chomhordaitheora ón gCoimisiún maidir leis an gciníochas a chomhrac;

- t. **ÓS DÍOL SÁSAIMH DI** na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na Ballstáit an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chomhrac, go háirithe trí obair an Ghrúpa Ardleibhéil um chomhrac na fuathchainte agus na fuathchoireachta lena dtugtar le chéile ionadaithe ó rialtais na mBallstát, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ón tsochaí shibhialta;
- u. **ÓS DÍOL SÁSAIMH DI** na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na Ballstáit Straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú (2021-30) a chur chun feidhme, go háirithe tríd an meitheal ina dtugtar le chéile ionadaithe ó rialtais na mBallstát, ionadaithe ó na pobail Ghiúdacha agus páirtithe ábhartha eile, agus trí obair an Chomhordaitheora maidir leis an bhFrithsheimíteachas a Chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú;
- v. **ÓS DÍOL SÁSAIMH DI** na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na Ballstáit an fuath i leith Moslamach a chomhrac¹, lena n-áirítear trí obair an Chomhordaitheora ón gCoimisiún maidir leis an bhfuath i leith Moslamach a chomhrac agus trí idirphlé struchtúrtha le hionadaithe ó phobail Mhoslamacha agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta; agus á aithint di gur cineál sonrach idirdhealaithe é an fuath i leith Moslamach, a d'fhéadfadh a bheith ina mheascán d'idirdhealú bunaithe ar reiligiún agus ar eitneacht, agus a d'fhéadfadh cur leis na míbhuntáistí socheacnamaíocha atá ann cheana agus an bonn a bhaint de chearta bunúsacha agus de dhínit daoine ar de phobail Mhoslamacha iad, nó daoine a mheastar amhlaidh, ar fud an Aontais;

¹ Tá éagsúlacht sa téarmaíocht a úsáidtear chun tagairt a dhéanamh do na feiniméin: úsáidtear 'ciníochas frith-Mhoslamach' i roinnt Ballstát, agus úsáidtear 'fuath i leith Moslamach' nó téarmaí comhchosúla i mBallstáit eile. Féadfar an dá théarma a úsáid go hidirmhalartach freisin. An fhoclaíocht a úsáidtear sna conclúidí seo, níor cheart í a fhorléiriú mar sheasamh ón gComhairle maidir leis an téarmaíocht ba cheart a úsáid.

- w. **ÓS DÍOL SÁSAIMH DI** na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na Ballstáit creat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2020-2030 a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí chreataí náisiúnta, le rannpháirtíocht ionadaithe ó phobail na Romach agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus go háirithe an tiomantas chun an frithghiofógachas a chomhrac mar chineál sonrach ciníochais agus idirdhealaithe; agus príomhspríocanna an Aontais atá leagtha síos ag an gCoimisiún do 2030 a bhaint amach.
- x. **AG FÉACHAINT** don obair a rinne an Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI) de chuid Chomhairle na hEorpa, go háirithe Moladh Beartais Ghinearálta Uimh. 1 maidir leis an gciníochas, an tseineafóibe, an frithsheimíteachas agus an éadulaingt a chomhrac a glacadh an 4 Deireadh Fómhair 1996, Moladh Beartais Ghinearálta Uimh. 5 athbhreithnithe maidir leis an gciníochas agus an t-idirdhealú frith-Mhoslamach a chosc agus a chomhrac, a glacadh an 16 Márta 2000 agus a athbhreithníodh an 8 Nollaig 2021, Moladh Beartais Ghinearálta Uimh. 9 maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chosc agus a chomhrac a glacadh an 25 Meitheamh 2004 agus a athbhreithníodh an 1 Iúil 2021, agus Moladh Beartais Ghinearálta Uimh. 13 maidir leis an bhfrithghiofógachas agus an idirdhealú i gcoinne na Romach a chomhrac a glacadh an 24 Meitheamh 2011 agus a leasaíodh an 1 Nollaig 2020;
- y. **AG FÉACHAINT** don obair a rinne Coiste Airí Chomhairle na hEorpa, go háirithe Moladh CM/Rec(2022)16 an 20 Bealtaine 2022 maidir leis an bhfuathchaint a chomhrac agus Moladh CM/Rec(2024)4 an 7 Bealtaine 2024 maidir leis an bhfuathchoireacht a chomhrac.
- z. **AG FÉACHAINT** do Rún 79/174 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 17 Nollaig 2024 maidir le Saoirse Reiligiúin agus Creidimh ina gcáinte go láidir gach cineál éadulaingthe, idirdhealaithe agus foréigin atá bunaithe ar reiligiún nó ar chreideamh.

- aa. **AG FÉACHAINT** do Rún 79/193 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 17 Nollaig 2024 lena bhfógraítear an Dara Deacáid Idirnáisiúnta um Dhaoine de bhunús na hAfraice 2025-2034, ag meabhrú dóibh na gealltanais faoi Dhearbhú agus Clár Gníomhaíochta Durban lena n-aithnítear a thábhachtaí atá sé gníomhaíocht náisiúnta agus comhar idirnáisiúnta a fheabhsú agus na hiarrataí atá sa Dearbhú lena spreagtar rannpháirtíocht daoine de bhunús na hAfraice i ngach gné pholaitiúil, shibhialta, eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha den tsochaí;
- bb. **AG FÉACHAINT** do Rún 47/21 ó Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine an 13 Iúil 2021 maidir le saoirsí bunúsacha mhuintir na hAfraice agus daoine de bhunadh Afracach a chur chun cinn agus a chosaint i gcoinne úsáid iomarcach an fhornirt agus sáruithe eile ar chearta an duine ag oifigigh forfheidhmithe dlí trí athrú ó bhonn ar an gcóir chiníoch agus an comhionannas ciníoch; agus á admháil di go mbíonn tionchar díobhálach ag cleachtais próifilithe idirdhealaitheacha ar an gcomhtháthú sóisialta agus go bhféadfadh idirdhealú ciníoch a bheith mar thoradh orthu;
- cc. **AG FÉACHAINT** do Rún 76/254 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 15 Márta 2022, inar dearbhaíodh gurb é an 15 Márta an ‘Lá Idirnáisiúnta chun an Ioslamafóibe a Chomhrac’;
- dd. **AG FÉACHAINT** do Rún 76/250 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le séanadh an Uileloiscthe an 20 Eanáir 2022;

- ee. **AG AITHINT DI** gur féidir ciníochas a fhulaingt ar feadh an tsaoil, ag carnadh agus ag cruthú bacainní leanúnacha, feiniméan dá ngairtear ciníochas struchtúrach go coitianta, a bhféadfadh a thionchar a bheith níos díobhálaí ná cásanna aonair d'idirdhealú ciníoch, toisc go séanann sé rochtain ar chomhionannas deiseanna agus gur féidir leis leanúint ar aghaidh ó ghlúin go glúin, agus go bhféadfadh na bacainní sin a bheith níos measa i gcás ina dtrasnaíonn² bunadh ciníoch nó eitneach le saintréithe eile amhail gnéas, míchumas, aois, reiligiún nó creideamh, gnéaschlaonadh nó féiniúlacht inscne, mar atá doiciméadaithe go forleathan ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha;
- ff. **Á AITHINT DI** an ról ríthábhachtach atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir leis an gciníochas agus cineálacha gaolmhara fuatha agus idirdhealaithe a chomhrac, agus á chur in iúl gur cúis mhór inní di an laghdú atá ag teacht ar an spás sibhialta, lena n-áirítear feachtais bhréagaisnéise, fuathchaint ar líne, laghduithe ar chistiú, ciapadh dlíthiúil, agus bagairtí fisiciúla i gcoinne eagraíochtaí frithchiníochais, gníomhaithe agus cosantóirí chearta an duine, agus, dá bhrí sin, **IS DÍOL SÁSAIMH DI** glacadh Straitéis na Sochaí Sibhialta, **AG MEABHRÚ DI** Treoir (AE) 2024/1069 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar éilimh atá go follasach gan bhunús nó ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha (Cásanna Dlí Straitéiseacha i gcoinne na Rannpháirtíochta Poiblí – SLAPPs);
- gg. **Á AITHINT DI** gur féidir le hardáin ar líne agus le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn scaipeadh agus méadú tapa na fuathchainte neamhdhleathaí, an chiníochais, na seineafóibe agus cineálacha eile ábhair idirdhealaithigh a éascú, lena n-áirítear ciníochas in aghaidh daoine gorma, ciníochas frith-Áiseach, fuath i leith Moslamach, agus frithghiofógachas, chomh maith leis an bhfrithsheimíteachas; agus go bhféadfadh córais algartamacha agus intleacht shaorga ghiniúnach claontachtaí sochaíocha atá ann cheana a chruthú, a atáirgeadh nó a threisiú agus cur le scaipeadh ábhair dhíobhálaigh ar líne agus feachtais bhréagaisnéise spriocdhírthe;

² Agus gníomhaíochtaí den sórt sin á ndéanamh acu, is féidir le comhlachtaí comhionannais aird a thabhairt ar chásanna sonracha míbhuntáiste a eascraíonn as idirdhealú trasnach, a thuigtear mar idirdhealú atá bunaithe ar mheascán de na forais a chosnaítear faoi Airteagal 5(2) de Threoir (AE) 2024/1499.

- hh. **Á AITHINT DI** go bhféadfadh neamhionannais nithiúla, intomhaiste a bheith mar thoradh ar an gciníochas, lena n-áirítear i réimsí na fostaíochta, na tithíochta, an oideachais, an chúraim sláinte agus na rannpháirtíochta sa saol poiblí, neamhionannais a d'fhéadfaí a dhoimhniú tuilleadh trí chineálacha trasnacha idirdhealaithe, agus, de réir mheastacháin ECFE le déanaí, go gcosnaíonn idirdhealú ciníoch agus eitneach suas le EUR 12.7 billiún in OTI caillte gach bliain, agus á chur i bhfios go láidir ní hamháin gur riachtanas morálta agus dlíthiúil é an ciníochas a chomhrac ach gur infheistíocht straitéiseach i rathúnas agus i gcomhtháthú na hEorpa é freisin;
- ii. **ÓS DÍOL SÁSAIMH DI** an obair atá á déanamh ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) chun sonraí inchomparáide a bhailiú maidir le heispéiris chiníochais agus cineálacha fuatha agus idirdhealaithe gaolmhara.
- jj. **Á AITHINT DI** agus inní mhór uirthi go ndéanann an ciníochas dochar don tsochaí ar go leor bealaí, rud a fhágann go mbíonn ar líon mór daoine san Eoraip aghaidh a thabhairt ar idirdhealú, a dhéanann difear dá ndínit dhaonna, dá ndeiseanna saoil, dá rathúnas, dá bhfolláine, agus go minic dá sábháilteacht phearsanta freisin;
- kk. **AGUS É Á AITHINT AICI**, agus é ina chúis mhór inní di, go bhfuil go leor Moslamach ag glacadh sásraí déileála go poiblí, san ionad oibre, sa saol sóisialta nó san oideachas mar thoradh ar an méadú ar an bhfuath i leith Moslamach, lena n-áirítear ionsaithe ar dhaoine Moslamacha agus ar áitribh Mhoslamacha, chun stiogmatú, idirdhealú nó naimhdeas a sheachaint.
- ll. **AGUS É Á AITHINT AICI** agus inní mhór uirthi go bhfuil tionchar mór ag an méadú suntasach atá tagtha ar an bhfrithsheimíteachas ar shaol na nGiúdach san Eoraip, go háirithe tar éis na n-ionsaithe brúidiúla sceimhlitheoireachta a rinne Hamas agus grúpaí sceimhlitheoireachta eile i gcoinne Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, an cogadh ina dhiaidh sin in Gaza agus coinbhleachtaí eile sa Mheánoirthear. Mar thoradh ar ionsaithe ar áitribh Ghiúdacha agus ar dhaoine aonair Giúdacha, chomh maith leis an bhfrithsheimíteachas a dhéanann difear do dhaoine sa saol laethúil, tá go leor daoine Giúdacha ag ceilt a bhféiniúlachta go poiblí, san ionad oibre agus in institiúidí oideachais nó ardoideachais.

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid a leanas:

- 1. MEABHRAÍONN SÍ** go bhfuil an ciníochas ar neamhréir leis na croíphrionsabail agus na croíluachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, agus go mbaineann sé an bonn den chomhtháthú sóisialta, den chomhionannas agus de rannpháirtíocht iomlán gach duine sa tsochaí, agus leagann sí béim ar an ngá atá le hiarracht chomhordaithe a mbeidh institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, na Ballstáit, na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, an earnáil phríobháideach agus an tsochaí sibhialta rannpháirteach inti.
- 2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ** a thiomanta atá sí an ciníochas a chomhrac ar bhealach cuimsitheach marthanach, lena n-áirítear tríd an bhfrithchiníochas a phríomhshruthú i mbeartais ábhartha an Aontais, agus trí mhalartuithe rialta a chothú i bhfoirmíochtaí agus i meithleacha ábhartha na Comhairle.

Agus prionsabal na coimhdeachta á chur san áireamh aici, iarrann Comhairle an Aontais Eorpaigh ar na Ballstáit an méid a leanas a dhéanamh:

I. Éifeacht a thabhairt do straitéisí frithchiníochais agus creataí comhionannais an Aontais

- 3. TACÚ** le Straitéis Frithchiníochais an Aontais 2026-2030 a chur chun feidhme go láidir ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil trí obair a dhéanamh go dlúth le Comhordaitheoir ainmnithe an Choimisiúin, trí chomhpháirtíochtaí a thógáil agus trí thacaíocht leordhóthanach a áirithiú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus trí rannchuidiú le cuspóirí frithchiníochais a phríomhshruthú ar fud na réimsí beartais ábhartha, lena n-áirítear oideachas, fostaíocht, tithíocht, slándáil sláinte, agus digiteáil; agus faisnéis maidir le dul chun cinn agus dúshlán a chomhroinnt go rialta leis an gCoimisiún.
- 4. TACÚ** le cur chun feidhme leanúnach Straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus an saol Giúdach a chothú (2021-2030), agus obair a dhéanamh go dlúth le Comhordaitheoir ainmnithe an Choimisiúin chun a áirithiú go gcuirtear chun feidhme go héifeachtach é, lena n-áirítear na bearta tacaíochta atá dírithe ar an saol Giúdach a chothú ar fud an Aontais;

5. **A AATHDHEARBHÚ** a thiomanta atá siad don obair leanúnach chun an fuath i leith Moslamach a chomhrac, ar fuath é d'fhéadfadh a bheith ina mheascán d'idirdhealú arb iad an reiligiún agus an eitneacht is bonn de, lena n-áirithítear go dtabharfaidh na gníomhaíochtaí cothrománacha frithchiníochais is infheidhme maidir le gach cineál ciníochais aghaidh freisin ar an bhfuath i leith Moslamach;
6. Cur chun feidhme na gcreataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh **A ÁIRITHIÚ** i gcomhréir le Creat Straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2020-2030, agus béim ar leith á leagan ar aghaidh a thabhairt ar an bhfrithghiofógachas agus ar dhul chun cinn nithiúil a bhaint amach i réimsí an oideachais, na fostaíochta, na tithíochta agus an chúraim sláinte don phobal Romach;
7. Cur i bhfeidhm éifeachtach chreat dlíthiúil frith-idirdhealaithe an Aontais **A ÁIRITHIÚ**, lena n-áirítear i gcásanna idirdhealaithe thrasnaigh ar fhorais tionscnaimh chiníoch nó eitnigh in éineacht le forais eile idirdhealaithe, lena n-áirítear gnéas, míchumas, aois, reiligiún nó creideamh, gnéaschlaonadh; agus na sásraí forfheidhmithe agus leigheasanna maidir leis na cearta a bhaineann le fostaíocht, cosaint shóisialta, cúram sláinte, oideachas agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus soláthar earraí agus seirbhísí **A NEARTÚ**, lena n-áirítear tithíocht, chun a áirithiú go gcuirtear bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais iad;
8. Iarrachtaí **A CHUR CHUN CINN** chun an comhionannas socheacnamaíoch a áirithiú, lena n-áirítear trí infheistíocht a dhéanamh sa chuimsiú socheacnamaíoch, chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an chiníochais struchtúraigh san oideachas, san fhostaíocht, sa rochtain ar sheirbhísí, sa tithíocht, agus i réimsí eile nach iad, cuir i gcás;

II. Aghaidh a thabhairt ar chineálacha sonracha ciníochais agus ar chineálacha gaolmhara fuatha agus idirdhealaithe, agus bearta náisiúnta spriocdhírithe a ullmhú

9. Bearta spriocdhírithe in aghaidh an chiníochais agus an idirdhealaithe chiníoch, go háirithe pleananna gníomhaíochta náisiúnta, cláir, nó straitéisí, **A FHORBAIRT, A GHLACADH, A CHUR CHUN FEIDHME NÓ A ATHNUACHAN**, lena n-áiritheofar go mbeidh siad i gcomhréir leis na caighdeáin Eorpacha agus idirnáisiúnta, go dtabharfaidh siad aghaidh ar an gciníochas struchtúrach, go nglacfaidh siad cur chuige trasnach agus go mbeidh siad faoi réir faireachán leanúnach agus meastóireacht thréimhsiúil; ar an gcaoi chéanna, cuir chuige straitéiseacha thiomnaithe a ghlacadh lena dtabharfar aghaidh ar chineálacha sonracha ciníochais, nuair is iomchuí; agus machnamh a dhéanamh ar chomhordaitheoirí náisiúnta a cheapadh chun comhordú, cuntasacht agus an rannpháirtíocht geallsealbhóra a neartú;
10. **A AITHINT** gur féidir cineálacha éagsúla ciníochais agus idirdhealaithe a léiriú ar bhealach éagsúil i dtíortha agus i gcomhthéacsanna éagsúla, agus gur fearr is féidir le gach Ballstát pleananna, cláir nó straitéisí gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt de réir mar is iomchuí sa chomhthéacs náisiúnta chun ciníochas agus idirdhealú a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu laistigh dá shochaí féin;
11. **A AITHINT** gur éagsúil ó thaobh saintréithe de iad an frithsheimíteachas agus an ciníochas, cé go bhfuil forluí eatarthu, sa tslí go ndiúltaíonn siad comhionannas idir daoine aonair, agus go bhfuil gá le freagairtí polaitiúla daingne ina gcuirtear san áireamh a sainiúlachtaí chomh maith lena gcosúlachtaí. **GEALLTANAS A THABHAIRT** go leanfaidh siad de Straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus an saol Giúdach a chothú (2021-2030) a chur chun feidhme agus éifeacht a thabhairt di, ós rud é gurb í príomhdhoiciméad beartais an Aontais i gcónaí í a mhéid a bhaineann leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac. I gcomhréir leis an ngealltanais a thug siad roimhe seo, moltar don Choimisiún agus do na Ballstáit uile leanúint d'úsáid a bhaint as sainmhíniú oibre na Comhghuaillíochta Idirnáisiúnta Cuimhneacháin ar an Uileloscadh ar an bhfrithsheimíteachas nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí.

12. An comhrac i gcoinne an fhrithghiofógachais mar chineál sonrach ciníochais **A NEARTÚ**, lena n-áirítear trí úsáid an tsainmhínithe oibre ar an bhfrithghiofógachas/idirdhealú i leith Romach, nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí arna úsáid ag an gComhghuaillíocht Idirnáisiúnta Cuimhneacháin ar an Uileloscadh, a chur chun cinn chun feasacht a mhúscailt.
13. **AGHAIDH A THABHAIRT AR** an gciníochas a dhíríonn ar dhaoine gorma mar chineál sonrach ciníochais, atá daingnithe go domhain i leagáidí stairiúla, lena n-áirítear an coilíneachas, an sclábhaíocht, agus an imirce, agus a aithint gur gá aird leanúnach a thabhairt air sna pleananna, cláir nó straitéisí gníomhaíochta náisiúnta, agus sna straitéisí ar leibhéal an Aontais.
14. **A AITHINT** gur féidir gur cineál sonrach idirdhealaithe é an fuath i leith Moslamach³, lena ndírítear ar Mhoslamaigh nó orthu siúd a mheastar gur Moslamaigh iad, lena mbaineann naimhdeas agus claontacht a d'fhéadfadh a bheith ina mheascán d'idirdhealú arb iad an reiligiún, an cultúr agus eitneacht is bonn dóibh, agus gur gá aird leanúnach a thabhairt air sna pleananna, cláir nó straitéisí gníomhaíochta náisiúnta, agus sna straitéisí ar leibhéal an Aontais.

III. An fhuathchaint, an fhuathchoireacht agus an t-idirdhealú a chomhrac, ar líne agus as líne araon

15. **LEANÚINT DE** mheasúnú a dhéanamh ar na bearnaí atá fós ann i gcreat an Aontais a mhéid a bhaineann leis an bhfuathchaint agus an fhuathchoireacht a chomhrac, agus a dtionchar tromchúiseach ar dhaoine aonair, ar an gcomhtháthú sóisialta agus ar luachanna daonlathacha ar fud an Aontais á gcur san áireamh.

³ An fhoclaíocht a úsáidtear sna conclúidí seo, níor cheart í a fhorléiriú mar sheasamh ón gComhairle maidir leis an téarmaíocht ba cheart a úsáid chun tagairt a dhéanamh don fhuath/don chiníochas i leith Moslamach.

16. **AAITHINT** go bhféadfadh forbairtí geopholaitiúla, géarchéimeanna sochaíocha agus úsáid mhéadaitheach teicneolaíochtaí digiteacha nua cur le méaduithe ar an gciníochas, agus ar chineálacha gaolmhara fuatha agus idirdhealaithe, fuathchaint neamhdhleathach agus fuathchoireacht san Aontas, agus **GEALLTANAS A THABHAIRT** go n-áiritheoidh siad go mbeidh na húdaráis náisiúnta in ann freagairt go tapa agus go héifeachtach do na forbairtí sin, lena n-áirítear trí na bearta a leanas:

- acmhainneacht na n-údarás forfheidhmithe dlí agus na n-údarás ceartais choiriúil a neartú chun coireanna fuatha agus an fhuathchaint neamhdhleathach a shainaithint, a thaifeadadh, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus, ag an am céanna, a n-acmhainneachtaí a neartú chun cearta an duine a urramú, go háirithe an ceart chun saoirse tuairimíochta agus chun tuairimí a nochtadh, arb é is bonn do shochaí dhaonlathach;
- oiliúint spriocdhírithe a sholáthar, de réir mar is iomchuí agus gan dochar do neamhspleáchas na n-údarás breithiúnach agus do dhifriochtaí in eagrú na mbreithiúna ar fud an Aontais, do phearsanra forfheidhmithe dlí, do ghníomhaithe breithiúnacha agus do státseirbhísigh maidir le claontacht chiníoch, próifiliú idirdhealaitheach agus fuathchoireacht a aithint agus a chomhrac;
- a áirithiú go mbeidh cearta éifeachtacha chun faisnéise, cosanta, tacaíochta agus rochtana ar cheartas ag íospartaigh;

17. Íospartaigh agus finnéithe gach teagmhais ciníochais agus cineálacha gaolmhara fuatha agus idirdhealaithe **A SPREAGADH** na teagmhais sin a thuairisciú agus féachaint ar bhealaí chun na córais chun gearáin a chur isteach **A FHEABHSÚ**, lena n-áirítear trí úsáid ábhartha a bhaint as na sásraí tuairiscithe malartacha, amhail uirlisí tuairiscithe ar líne lena gcuirtear anaithnideacht ar fáil don ghearánach más inmhianaithe, agus a áirithiú ag an am céanna go dtacófar leis na gearánaigh le linn an phróisis;

18. Sásraí **A NEARTÚ** do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus don tsochaí sibhialta agus d'eagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh chun mbeidh siad in ann comhoibriú nuair is féidir maidir le faireachán a dhéanamh ar theagmhais chiníochais agus ar chineálacha gaolmhara fuatha agus idirdhealaithe, ar mhaithe le léargas níos iomláine a fhorbairt ar theagmhais den sórt sin i ngach Ballstát agus neamhspleáchas ESSanna á áirithiú agus á chosaint ag an am céanna; agus **AGHAIDH A THABHAIRT** ar tearcthuairisciú suntasach, do na gníomhaithe ábhartha, ar an idirdhealú ciníoch agus ar an bhfuathchoireacht chiníoch agus ar an bhfuathchaint chiníoch, lena n-áirítear ar líne, trí mhuinín a mhéadú idir na pobail a mbíonn tionchar acu orthu agus trí fhorfheidhmiú an dlí agus an riarachán poiblí.
19. Slándáil daoine ar de ghrúpaí mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha iad **A ÁIRITHIÚ**, lena n-áirítear a n-áiteanna tábhachtacha ó thaobh an chultúir de, áiteanna adhartha agus cuimhneacháin agus bearta cosanta iomchuí a chur i bhfeidhm le linn cruinnithe reiligiúnacha agus cultúrtha a bhféadfadh riosca méadaithe a bheith ag gabhail leo;
20. Forfheidhmiú iomlán oibleagáidí an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha **A ÁIRITHIÚ** a bhaineann le maolú a dhéanamh ar rioscaí sistéamacha a bhaineann le fuathchaint neamhdhleathach ar líne, agus leis an gceart chun neamh-idirdhealaithe, agus rannpháirtíocht leanúnach fhóinteach **A SPREAGADH** i measc ardáin ar líne agus soláthraithe eile seirbhísí idirghabhálacha sa Chód Iompair maidir le fuathchaint neamhdhleathach ar líne a chomhrac+;
21. Eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eintitis eile **A SPREAGADH** go hinbhuanaithe agus **TACÚ** leo agus iad i mbun aitheantas a lorg mar chomharthóirí iontaofa faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, agus an stádas sin a úsáid chun a áirithiú go ngníomhaítear in aghaidh ábhar neamhdhleathach ar líne de chineál ciníoch nó idirdhealaitheach ar bhealach níos tapúla, níos iontaofa agus comhsheasmhach, agus ESSanna á gcosaint ag an am céanna ar chásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí (CDSiaRPanna) i gcomhréir le Treoir (AE) 2024/1069;

22. Na contúirtí agus na tairbhí a bhaineann le teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail an intleacht shaorga ghiniúnach agus an intleacht shaorga ghníomhach **A AITHINT**, agus **CÉIMEANNA A THABHAIRT** chun idirdhealú algartamach, claontacht chiníoch agus méadú na fuathchainte neamhdhleathaí a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu ar feadh shaolré agus shlabhra luacha na dteicneolaíochtaí sin, i gcomhréir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus le haon dlí eile is infheidhme de chuid an Aontais, lena n-áirítear an dlí i gcoinne an idirdhealaithe lena n-áirithítear rialacha fabhracha d'íospartaigh chun idirdhealú algartamach a chruthú, tástáil theicniúil a eagrú ar chórais algartamacha le haghaidh cásanna claontachta agus idirdhealaithe, agus sásra comhair éifeachtach a bhunú idir údaráis faireachais margaidh agus comhlachtaí um chearta bunúsacha;
23. **A ÁIRITHIÚ** go mbeidh rochtain ag íospartaigh fuathchainte neamhdhleathaí ar líne ar shásraí tuairiscithe éifeachtacha, ar leigheasanna dlí agus ar sheirbhísí tacaíochta, i gcomhréir leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Cearta Íospartach, agus go mbeidh na húdaráis náisiúnta oile agus feistithe chun fuathchoireanna ar líne a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach;

IV. Sonraí comhionannais a bhailiú

24. **FÉACHAINT** an bhféadfaí feabhas a chur ar bhailiú, ar cháilíocht agus ar inchomparáideacht sonraí comhionannais ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhréir leis na creataí náisiúnta is infheidhme, lena bhféadfaí sonraí arna miondealú de réir bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiúin, gnéis, gnéaschlaonta, aoise, míchumais agus stádas socheacnamaíoch a áireamh, i gcomhréir iomlán le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus le hurraim do phrionsabal an fhéinaitheanta dheonaigh; **A MHOLADH** go bhforbrófaí creataí comhchoiteanna modheolaíochta i gcomhar leis an gCoimisiún, le FRA agus le Eurostat chun comparáid thrasnáisiúnta fhóinteach agus ceapadh beartas fianaisebhunaithe a chumasú, agus lánurraim á tabhairt do na coinníollacha agus do na riachtanais atá i réim i ngach Ballstát;

V. Oideachas, feasacht agus cosc a chur chun cinn

25. **FEASACHT A MHÚSCAILT** i measc a bpobail ar na tairbhí agus ar shaibhreas éagsúlachta na ndaoine san Aontas, ar an gceart nach ndéanfaí idirdhealú ina n-aghaidh ar fhorais tionscnaimh chiníoch nó eitnigh, ar na leigheasanna atá ar fáil d'íospartaigh an idirdhealaithe chiníoch nó eitnigh, agus ar na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil, go háirithe comhlachtaí comhionannais, ar ghlacadh na Straitéise Frithchiníochais 2026-2030, agus ar straitéisí breise AE agus náisiúnta chun ciníochas de gach cineál a chomhrac, lena n-áirítear trí fheachtais náisiúnta múscaillte feasachta; chomh maith leis sin, idirphlé **A CHOTHÚ** i measc grúpaí éagsúla agus béim á leagan ag an am céanna ar ár gcomhfhéiniúlacht mar Eorpaigh agus ar ár gcomhluachanna san Aontas, amhail an daonlathas, an tsaoirse agus cearta an duine.
26. Dátaí idirnáisiúnta ábhartha **A URRAMÚ**, amhail Lá Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú, agus laethanta cuimhneacháin a bhaineann le stair an choilíneachais agus na sclábhaíochta;
27. **LEANÚINT** de chuimhneachán agus oideachas an Uileloiscthe a áirithiú agus deireadh a chur go réamhghníomhach le séanadh agus saobhadh an Uileloiscthe agus le haon beag is fiú a dhéantar de, i gcomhréir le sainmhíniú oibre na Comhghuaillíochta Idirnáisiúnta Cuimhneacháin ar an Uileloscadh ar shéanadh agus saobhadh an Uileloiscthe nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí;
28. A bheith **RANPHÁIRTEACH** i dtionscadal comhpháirteach an Choimisiúin le UNESCO chun oideachas frithchiníochais a neartú atá ailínithe le tosaíochtaí an dara timthriall den chreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint sa Limistéar Eorpach Oideachais agus níos faide i gcéin, agus le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh, mar a leagtar amach i Straitéis Frithchiníochais an Aontais Eorpaigh 2026-2030, agus aghaidh a thabhairt ar an gciníochas de gach cineál san oideachas agus tríd an oideachas trí dhearcthaí éagsúla stairiúla agus comhaimseartha a áireamh chun foréigean, bulaíocht, fuathchaint, mífhaisnéis agus bréagaisnéis agus idirdhealú ciníoch a chosc, agus chun timpeallachtaí foghlama cuimsitheacha cothroma a chothú, agus chun teagasc ar dhearcthaí stairiúla, mar shampla stair choilíneach, trádáil sclábhaithe thrasatlantach agus éifeachtaí ar phobail dhúchasacha, a chomhtháthú mar chroíchodanna den oideachas frithchiníochais;

VI. Athléimneacht dhaonlathach a neartú

29. A AITHINT go bhfeabhsaítear athléimneacht na ndaonlathas Eorpach trínár mbunluachanna a chosaint, lena n-áirítear cosaint an daonlathais, an smachta reachta agus na gcearta bunúsach, agus gur líne ríthábhachtach chosanta iad luachanna an Aontais i gcoinne ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI) agus feachtais bhréagaisnéise, a bhaineann leas córasach as an gciníochas, as an idirdhealú agus deighiltí sochaíocha, agus gur gné lárnach de chlár oibre níos leithne an Aontais maidir le hathléimneacht dhaonlathach iad bearta chun seasamh leis na luachanna sin, lena n-áirítear trí chiníochas de gach cineál a chomhrac, mar a leagtar amach sa Sciath Eorpach don Daonlathas.

30. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI na tionscnaimh ón gCoimisiún agus go háirithe:

- Glacadh an chéad Straitéis Frithchiníochais 2026-2030, ag tógáil ar thorthaí Phlean Gníomhaíochta Frithchiníochais an Aontais Eorpaigh, 2020-2025;
- Ceapacháin Chomhordaitheoir an Choimisiúin chun an ciníochas a chomhrac, Chomhordaitheoir an Choimisiúin maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú, agus Comhordaitheoir an Choimisiúin maidir leis an bhfuath frith-Mhoslamach a chomhrac ó 2015 i leith, agus aird á tabhairt ar a sainorduithe faoi seach, agus acmhainní leordhóthanacha comhionanna á n-iarraidh ag an am céanna;
- Forbairt an chreata dhlíthiúil chuimsithigh maidir le sábháilteacht, cuntasacht agus trédhearcacht ar líne ar fud an Aontais Eorpaigh tríd an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha;

- An tacaíocht airgeadais leanúnach do na Ballstáit le haghaidh tionscadail arb é is aidhm dóibh éagsúlacht agus cearta sibhialta a chosaint, go háirithe tríd an gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) agus an clár CERV+ a thiocfaidh ina dhiaidh mar chuid de chlár AgoraEU, gan dochar don phlé leanúnach ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile;
- An iarracht chomhbheartaithe ar dhaonlathais láidre a chumhachtú, a chosaint agus a chur chun cinn ar fud an Aontais tríd an Sciath Eorpach don Daonlathas agus trí Straitéis an Aontais maidir leis an tSochaí Shibhialta;
- Soláthar creata rialála chomhchuibhithe le haghaidh córais intleachta saorga san Aontas trí chur chun feidhme céimnithe an Ghnímh um an Intleacht Shaorga.

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

31. LEANÚINT de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme Straitéis

Frithchiníochais an Aontais (2026-2030) agus straitéisí gaolmhara maidir le hAontas an Chomhionannais⁴ i gcomhréir le himthosca náisiúnta tríd an bhfrithchiníochais agus an neamh-idirdhealú a phríomhshruthú i dtograí agus i dtionscnaimh bheartais ábhartha ón gCoimisiún; a áirithiú go ndéanfar beartais an Choimisiúin maidir leis an gciníochas, an frithsheimíteachas agus an fuath frith-Mhoslamach a chomhrac a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe a threisíonn a chéile agus go ndéanfar iad a ailíniú le straitéisí comhionannais gaolmhara chun éifeacht iomlán a thabhairt don chur chuige trasnach atá mar bhonn taca faoin Straitéis Frithchiníochais;

⁴ Straitéis um Chomhionannas Inscne 2026-2030; An Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030, an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2020-2030.

- 32. FAIREACHÁN AGUS TUARASCIÚ** a dhéanamh ar chur chun feidhme Aontas an Chomhionannais, lena n-áirítear an Straitéis Frithchiníochais, ar bhealach cuimsitheach, struchtúrach, trédhearcach agus rialta, ionas go mbeifear in ann meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta, lena n-áirítear trí thuarascálacha rialta ar dhul chun cinn, ag tarraingt ar shonraí agus ar anailís atá bunaithe ar chearta ó FRA, ó Eurostat, ó chomhlachtaí comhionannais náisiúnta agus ón tsochaí sibhialta; leanúint de bheith ag obair le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais maidir le bailiú sonraí comhionannais, lena n-áirítear trí chur chuige trasnach; measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn, bearnaí leanúnacha a shainaithint agus aon choigeartú is gá a mholadh;
- 33. LEANÚINT** d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú na reachtaíochta frith-idirdhealaithe, go háirithe an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch agus na Treoracha maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais, an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um an Intleacht Shaorga, agus an Cinneadh Réime maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil;
- 34. TACÚ** leis na Ballstáit pleananna gníomhaíochta, cláir agus straitéisí náisiúnta maidir le frithchiníochas a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, go háirithe trí chúnamh teicniúil, cleachtaí foghlama frithpháirtí, cuairteanna staidéir a éascú, treoirlínte agus lámhleabhair a fhoilsiú, agus trí chruinnithe rialta den ghrúpa saineolaithe i ndáil le cur chun feidhme náisiúnta na Straitéise maidir le Frithchiníochas a éascú;
- 35. TACÚ** leis na hiarrachtaí comhpháirteacha leanúnacha atá á ndéanamh chun sainmhínte oibre neamhcheangailteacha a fhorbairt maidir le ciníochas struchtúrach agus fuath frith-Mhoslamach agus na hiarrachtaí sin **A ÉASCÚ**, agus na sainmhínte atá ann cheana agus obair chomhfhreagrach ECRI á gcur san áireamh go hiomlán;
- 36. Tacaíocht airgeadais leormhaith agus thiomnaithe A ÁIRITHIÚ** d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do chomhlachtaí comhionannais, gan dochar don phlé leanúnach ar an gcéad CAI eile; agus Fóram na Sochaí Sibhialta maidir leis an bhFrithchiníochas a éascú agus Ardán Sochaí Sibhialta níos leithne a bhunú i gcomhréir le Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir leis an tSochaí Sibhialta;

37. An comhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le cosantóirí chearta an duine **A NEARTÚ**, go háirithe iad siúd atá ag obair ar an bhfrithchiníochas agus ar chearta na bpobal dúchasach, na comhlachtaí comhionannais agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, agus malartuithe téamacha rialta a ⁵ idir na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara sin.
38. **TACÚ** le hiarrachtaí FRA agus na bpáirtithe leasmhara staidéir agus suirbhéanna a dhéanamh, lena n-áirítear maidir le bailiú sonraí cainníochtúla in éineacht le taighde cáilíochtúil, chun feabhas a chur ar an tuiscint ar gach cineál ciníochais agus idirdhealaithe.
39. A thiomantas **A THREISIÚ** maidir le gach cineál ciníochais agus idirdhealaithe a chomhrac agus chun cearta bunúsacha agus luachanna Eorpacha a chaomhnú; agus **ATHDHEARBHÚ** gur riachtanas bunúsach, dlíthiúil agus straitéiseach don Aontas Eorpach é an ciníochas de gach cineál a chomhrac, agus go bhfuil gá le gníomhaíocht mharthanach, uaillmhianach agus acmhainní leordhóthanacha ar gach leibhéal rialachais chun fíor-Aontas Comhionannais a bhaint amach.
-

⁵ Cearta na bPobal Dúchasach mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach agus sa dlí idirnáisiúnta um chearta an duine.